

COPPAYG0926

# Cód Cleachtais ar Mhéadrú Íoc mar a Úsáidtear agus Rialaitheoirí Buiséid

electricireland.ie

**Leagtar amach sa Chód Cleachtais seo na seirbhísí a chuireann Electric Ireland ar fáil do chustaiméirí Íoc mar a Úsáidtear agus Rialaitheoirí Buiséid.**

Má tá méadar Cliste agat, féach ar ár gCód Cleachtais maidir le seirbhísí cliste.

## Cód Cleachtais ar sheirbhísí do chustaiméirí méadair réamhíocaíochta

Is lenár gcustaiméirí leictreachais agus gáis i bPoblacht na hÉireann amháin a bhaineann an Cód seo.

Cuireann Electric Ireland áiseanna méadair Íoc mar a Úsáidtear do chustaiméirí oiriúnacha. Is modh furasta é méadar Íoc mar a Úsáidtear chun leictreachas/gás a cheannach roimh ré – ar aon dul le socruithe íocaíochta fón póca Íoc mar a Úsáidtear.

Féadfaidh custaiméir cónaithe ar bith roghnú méadair Íoc mar a Úsáidtear a shuiteáil (ach an sreangú oiriúnach a bheith ann), go tapa agus gan aon chur isteach ar an soláthar leictreachais/gáis. Cumasaíonn méadair Íoc mar a Úsáidtear duit smacht a ghabháil ar do riachtanais fuinnimh nó cabhrú leat riaráiste carntha a íoc. Ní féidir méadar réamhíocaíochta a úsáid ach amháin chun costais a bhaineann le soláthar gáis nádúrtha nó leictreachais a aisghabháil. Ní féidir iad a úsáid chun fiachas a aisghabháil maidir le haon seirbhísí ná táirgí eile.

## Seo cuid de na buntáistí a ghabhann le méadair Íoc mar a Úsáidtear nó Rialaitheoirí Buiséid:

- Taispeáint intí d'ídiú leictreachais/gáis chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar úsáid. Tá slí i bhformhór na méadar do shonraí 13 mhí.
- Taispeáint intí den chreidmheas atá fágtha chun breisithe a bhainistiú.
- Tá áiseanna inchloiste aláraim (leictreachas amháin) agus creidmheasa éigeandála ionsuite ann. Faoi láthair, socrófar creidmheas éigeandála ar an méadar réamhíocaíochta/rialaitheoir buiséid ag leibhéal nach ísle ná creidmheas €20 (nó a chinnfidh an Coimisiún um Rialáil Fóntais).
- Tá breisithe ar fáil ar líne (Custaiméirí leictreachais amháin) agus ó aon ionad díolacháin PayZone, PostPoint nó An Post.
- Ní gá aon éarlais urrúis chun soláthar leictreachais/gáis a fháil.

## D'fhéadfadh nach n-oirfidh méadair Íoc mar a Úsáidtear ná Rialaitheoirí Buiséid do gach custaiméir

**Mar shampla:**

- D'fhéadfadh sé nach n-oirfeadh an ghné seo do chustaiméirí áirithe a bhfuil riachtanais leighis nó riachtanais eile acu, mar shampla; daoine atá lagradharc, ar lagéisteacht, a bhfuil fearas leighis sa teach acu. Mura féidir an tsuiteáil a dhéanamh, geallann Electric Ireland socruithe malartacha íocaíochta a dhéanamh.
- Tá riail curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais nach féidir custaiméirí gáis/leictreachais atá cláraithe mar chustaiméirí leochaileacha a dhífhuinneamhú le linn míonna an gheimhridh (i gcás ina bhfuil méadar réamhíocaíochta gáis suiteáilte, is féidir an méadar a shocrú ionas nach múchfaidh sé linn míonna an gheimhridh). Mar sin féin, má roghnaíonn custaiméir méadar Íoc mar a Úsáidtear, ní bheidh feidhm ag an riail sin agus dícheanglófar a soláthar leictreachais/gáis mura mbíonn dóthain creidmheasa sa mhéadar.

- Nuair a bhíonn sreangú neamhoiriúnach i dteach, molfaidh ár dteicneoirí réiteach i ndiaidh cuairt a thabhairt ar d'áit chónaithe.

Tabhair faoi deara: Caithfidh tú cead an tiarna talún a fháil má tá sé i gceist agat méadar Íoc mar a Úsáidtear nó Rialaitheoir Buiséid a shuiteáil i réadmhaoin atá ar cíos agat.

## Réamhíocaíocht – an tslí a n-oibríonn sé Cártaí breisithe Íoc mar a Úsáidtear

### Cárta Leictreachais

Gheobhaidh tú dhá cheann de Chártaí Leictreachais Íoc mar a Úsáidtear agus d'Uimhir Chuntais aonair clóite orthu. Is féidir an Cárta Leictreachais Íoc mar a Úsáidtear seo a úsáid chun breisithe a cheannach, agus cinntíonn sé go gcuirtear an t-airgead isteach sa chuntas ceart.

Tá sé tábhachtach go n-úsáidfeá an Cárta Leictreachais Íoc mar a Úsáidtear ar leith agus/nó an Uimhir Chuntais a bhaineann le do réadmhaoin. Féach chuige nach n-úsáideann tú aon ghníomhaire ach amháin gníomhairí údaraithe PayZone, PostPoint nó An Post agus breisithe á gceannach agat, nó is féidir nach gcuirfear an íocaíocht isteach i do chuntas.

Má chailleann tú do Chárta Leictreachais Íoc mar a Úsáidtear, déan teagmháil lenár bhfoireann Seirbhíse do Chustaiméirí ar **Saorghlao 1800 372 372 (Luan go hAoine, 8:00 rn go 6:00 in)** chun cárta eile a fháil ina áit.

### Cárta Gáis

Cuirfidh an teicneoir cárta gáis ar fáil duit nuair a bhíonn an méadar á shuiteáil aige.

Tá sé tábhachtach go n-úsáidfeá an Cárta Leictreachais Íoc mar a Úsáidtear ar leith a bhaineann le do réadmhaoin. Féach chuige nach n-úsáideann tú aon ghníomhaire ach amháin Gníomhairí Údaraithe míondíola PayZone, PostPoint nó An Post agus breisithe á gceannach agat, nó is féidir nach gcuirfear an íocaíocht isteach i do chuntas.

Má chailleann tú do Chárta Gáis Íoc mar a Úsáidtear, is féidir leat cárta a cheannach ina áit ag an ionad díolacháin PayZone is gaire duit. Beidh costas €1 air seo.

## Breisithe

### Leictreachas

Is féidir breisithe a cheannach le do Chárta Leictreachais Íoc mar a Úsáidtear ó aon ghníomhaire údaraithe PayZone, PostPoint nó An Post – bíonn an tseirbhís seo ar fáil i mórchuid siopaí áitiúla agus ollmhargaí. Is féidir breisithe a cheannach ar líne le do chárta dochair nó cárta creidmheasa ag **www.electricireland.ie**

### Gás

Is féidir breisiú gáis a cheannach sna háiteanna seo a leanas:

Aon ionad díolacháin Payzone, nó gníomhaire An Post nó Postpoint. Ní mór an cárta a thaispeáint gach uair.

Gheobhaidh tú liosta de na hionaid díolacháin PayZone i do cheantar féin ag an nasc seo a leanas: **www.payzone.ie**

Gheobhaidh tú liosta de na Gníomhairí An Post i do cheantar féin ag an nasc seo a leanas: **www.anpost.ie/YourPostOffice**

### Leictreachas

Is é an breisiú íosta ná €10, agus is é an breisiú uasta €100. Gheobhaidh tú cód breisithe 20 digit gach uair a cheannaíonn tú breisiú, agus ní mór an cód sin a chur isteach sa mhéadar nuair a fhilleann tú ar d'áit chónaithe.

Má chailleann tú do chód breisithe – ní gá ach filleadh ar an ngníomhaire ónar cheannaigh tú é, agus tabharfar cóip eile den chód duit, saor in aisce. Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar **Saorghlao 1800 372 372 (Luan go hAoine, 8:00 rn go 6:00 in)** agus atheiseoimid an cód breisithe.

### Gás

Is é an breisiú íosta ná €10, agus is é an breisiú uasta €250. Cuirtear an breisiú i bhfeidhm ar an slis sa Chárta Gáis, agus ní mór duit an Cárta Gáis a chur isteach sa mhéadar chun an breisiú a ghlacadh nuair a fhilleann tú ar d'áit chónaithe.

## An creidmheas atá fágtha agus foláirimh maidir le creidmheas

### Leictreachas

Gheofar amach cé mhéad creidmheasa atá fágtha ar do chuntas trí eochair amháin ar an méadar a bhrú – an eochair.

Is féidir meánlíon na laethanta creidmheasa atá fágtha a fháil tríd an eochair # agus ansin an eochair 1 a bhrú. Má théann do chreidmheas chomh híseal le €2, cloisfear aláram ó do mhéadar. Mairfidh an t-aláram dhá nóiméad agus cloisfear arís é gach leathuair, ach amháin idir 10in go 8rn. Is féidir an t-aláram a chiúnú ach aon chnaipe ar an méadar a bhrú.

Mura gciúnaíonn tú d'aláram, múchfar do sholáthar leictreachais. Má mhúchtar do sholáthar leictreachais mar seo, ní gá ach cnaipe ar bith ar an méadar a bhrú chun an chumhacht a fháil ar ais agus beidh do chreidmheas éigeandála €20 ar fáil duit. Ba chóir go dtabharfadh sé sin an t-am duit breisiú a cheannach.

### Gás

A luaithe a théann do chreidmheas faoi bhun €5, cuirfidh an méadar creidmheas éigeandála €20 ar fáil duit. Chun é seo a ghlacadh, cuir isteach do chárta agus brúigh an cnaipe chun glacadh leis. Nuair a fhaigheann tú do "Creidmheas éigeandála" €20, ba chóir go dtabharfadh sé an t-am duit breisiú a cheannach.

## Creidmheas éigeandála agus Creidmheas cairdiúil

### Leictreachas Amháin

Má bhíonn do "Chreidmheas éigeandála" caite, cuirtear creidmheas breise ar a dtugtar "Creidmheas cairdiúil" ar fáil ar an mbonn seo a leanas:

Luan – Déardaoin i ndiaidh 4:00 in – ní mhúchfar an leictreachas go dtí 9rn an mhaidin dár gcionn.

I ndiaidh 4:00 in ar an Aoine – ní mhúchfar an leictreachas go dtí 9rn an Luan dár gcionn. 25 Nollaig, 26 Nollaig, 31 Nollaig, 1 Eanáir agus 17 Márta – ní mhúchfar an leictreachas go dtí 9rn an mhaidin dár gcionn.

Tabhair faoi deara: Tugtar na hamanna uile i meán-am Greenwich – cuir uair an chloig leis le linn an tsamhraidh.

Déanfar aon Chreidmheas éigeandála nó Creidmheas cairdiúil a úsáidtear a asbhaint go huathoibríoch ó do chéad bhreisiú eile.

## Taraifí

Tá praghsanna reatha Electric Ireland ar fáil ag **www.electricireland.ie**

### Athruithe ar phraghsanna leictreachais

#### Leictreachas

Nuair a cheannaítear breisiú i ndiaidh athrú ar phraghsanna leictreachais, tabharfar cód breisithe 60 digit do chustaiméirí le cur isteach sa mhéadar in ionad an ghnáthchóid bhreisithe 20 digit. Déanann an cód breisithe fada seo an méadar a athchumrú do na rátaí nua leictreachais.

#### Gás

Déanfar aon athruithe ar phraghsanna a aimsiú ar do chárta breisithe agus a aistriú chuig an méadar i ndiaidh an chárta a chur isteach agus a ghlacadh.

## Ráiteas ar na socruithe cuntais agus íocaíochta

#### Leictreachas

Cé nach bhfuil aon bhilleáil pháipéir i gceist le méadrú Íoc mar a Úsáidtear, cuirimid ráiteas cuntais amháin ar a laghad agus suas le trí cinn ar fáil dár gcustaiméirí uile. I gcás ina bhfuil riaráiste á aisíoc ag custaiméir, gheobhaidh sé nó sí ráiteas trí huaire sa bhliain ar ídiú, fiachas gan íoc, fiachas aisíoctha agus íocaíochta a rinneadh.

Má suiteáladh do mhéadar Íoc mar a Úsáidtear mar chuid de shocrú chun riaráiste a bhailiú, asbhainfear 15% ar a mhéad de gach breisiú go dtí go mbeidh an riaráiste glanta.

Cuirfimid in iúl duit é ar an gcéad ráiteas eile nuair a bhíonn do riaráiste glanta.



### Gás

Gheobhaidh tú bille gach dara mí mar is gnách.

Má tá eolas chun dáta de dhíth ort ar do riaráiste, an fad a thógfaidh sé chun é a ghlanadh agus an méid a aisíocadh, déan teagmháil lenár bhFoireann Seirbhíse do Chustaiméirí ar **1800 372 372 (Luan go hAoine, 8:00 rn go 6:00 in).**

## Léamh méadair

### Leictreachas

Leanfaidh Líonraí BSL de do mhéadar a léamh gach dara mí.

Más rud é nach féidir leis an léitheoir méadair rochtain a fháil ar do réadmhaoin, is féidir leat léamh méadair a chur ar fáil dúinn ar **Saorghlao 1800 372 372 (Luan go hAoine, 8:00 rn go 6:00 in).**

Tabhair faoi deara i gcás daoine a bhfuil Rialaitheoir Buiséid acu, go dtógfar gach léamh méadair ó do Mhéadar Líonraí, seachas ón Rialaitheoir Buiséid mar gheall gurb é Méadar Líonraí a úsáidtear chun d'ídiú a ríomh.

Tabhair faoi deara: Is féidir difear a bheith ann uaireanta idir an méid a ríomhtar idir Méadar Líonraí agus an Rialaitheoir Buiséid as a leanann iarmhéid creidmheasa/dochair ar an gcuntas. Tharlódh sé sin, mar shampla, nuair nach ionann praghas an aonaid ar an méadar agus praghas reatha Electric Ireland, nó más rud é go ndearnadh breisithe neamhúdaraithe, nó mura bhfuil an Rialaitheoir Buiséid ag obair i gceart.

Athshocrófar do Rialaitheoir Buiséid chun léiriú a thabhairt ar aon ghearrmhuirear nó rómhuirear mar gheall ar dhifríochtaí idir an méid a ríomhtar idir an Méadar Líonraí agus do Rialaitheoir Buiséid.

### Gás

Léifear do mhéadar agus stórálfar an léamh ar do chárta gach uair a cheannaíonn tú breisiú. Cuirfear é sin ar aghaidh chuig Electric Ireland.

### Leictreachas agus Gás

Tá an ceart ag Electric Ireland imscrúdú a dhéanamh má dhealraítear dóibh nach bhfuil ídiú custaiméara á léiriú go cruinn ar mhéadar Íoc mar a Úsáidtear. Má léirítear aon ghearrmhuirear/rómhuirear, déanfaimid cuntas an chustaiméara a choigeartú dá réir.

## Ag bogadh tí

### Leictreachas

Má tá tú ag bogadh go teach eile, ba chóir duit é sin a chur in iúl do do sholáthraí agus léamh méadair agus sonraí aon chreidmheasa atá fágtha ar an méadar a chur ar fáil dó. Bíonn sonraí teagmhála le fáil de ghnáth ar do Chárta Leictreachais Íoc mar a Úsáidtear. Moltar duit gan breisithe neamhriachtanacha a cheannach má tá tú ag beartú bogadh go teach eile.

### Gás

Má tá tú ag bogadh go teach eile, ba chóir duit é sin a chur in iúl do do sholáthraí agus léamh méadair a chur ar fáil. Moltar duit gan breisithe neamhriachtanacha a cheannach má tá tú ag beartú bogadh go teach eile.

Nuair a bhogann tú go isteach i do sheoladh nua, ba chóir duit clárú le do sholáthraí agus léamh méadair a chur ar fáil a luaithe is féidir.

Más mian leat go suiteálfaí méadar íoc mar a Úsáidtear ag do sheoladh nua, glaoigh orainn ar **Saorghlao 1800 372 372 (Luan go hAoine, 8:00 rn go 6:00 in).**

Mura bhfuil soláthar ó Electric Ireland sa réadmhaoin nua, is féidir linn aistriú a shocrú duit ach é a iarraidh.

## Aisíocaíochtaí

### Leictreachas agus Gás

Aisíocfaidh Electric Ireland aon chreidmheas atá ag dul duit má fhágann tú d'áit chónaithe nó má bheartaíonn tú do sholáthraí a athrú.

Sa chás go n-eisítear do chuntas deiridh le hiarmhéid creidmheasa, is féidir linn an t-iarmhéid seo a aisíoc leat má dhéanann tú teagmháil linn ag **1800 372 372.**

Is féidir linn an t-iarmhéid seo a aisíoc trí ríomhaistriú airgid díreach chuig do chuntas bainc nó le seic. Cuirfear aon iarmhéid creidmheasa ar do chuntas in iúl duit trí litir laistigh de dhá mhí ó eisiúint an bhille deiridh.

Má chliseann ar do mhéadar íoc mar a Úsáidtear nó má tá sé lochtach agus má tá tú i dteideal aisíocaíochta, eiseoidh Electric Ireland breisiú duit a chlúdóidh méid na haisíocaíochta, nó is féidir leat aisíocaíocht seic a iarraidh ina áit.

## Cabhair le méadar Íoctar mar a Úsáidtear

Má tá aon chabhair nó comhairle eile uait, nó mura bhfuil do mhéadar íoc mar a Úsáidtear ag obair, déan teagmháil linn ar **Saorghlao 1800 372 372 (Luan go hAoine, 8:00 rn go 6:00 in).**



## Méadair Íoc mar a Úsáidtear a athshocrú nó a bhaint

Más mian leat do mhéadar íoc mar a Úsáidtear a bhaint nó a athshocrú, déan teagmháil linn ag **1800 372 372 (Luan go hAoine, 8:00 rn go 6:00 in)** agus déanaimid socruithe a aontú agus ceapfar am oiriúnach chun d'iarratas a chomhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnta.

## Eolas agus comhairle úsáideach eile

**Má theipeann orainn ceann ar bith de na gealltanais atá sonraithe sa Chód seo a chomhlíonadh, beidh tú i dteideal cúiteamh a fháil faoi théarmaí na Cairte Custaiméirí dár gcuid.**

Is féidir cóipeanna dár gCairt Chustaiméirí agus dár gCóid eile a fháil saor in aisce ar na bealaí seo a leanas:

**Ar an teileafón:** Saorghlao 1800 372 372 (Luan go hAoine, 8:00 rn go 6:00 in).

**Tríd an bpost:**
Electric Ireland,
Cearnóg Swift,
An Choill Thuaidh,
Seantreabh,
Baile Átha Cliath 9.

**Trí ríomhphost:**
service@electricireland.ie

**Ar líne:** electricireland.ie

## Treoir d'úsáideoirí - Méadair Íoctar mar a Úsáidtear agus Rialaitheoirí Buiséid

### Leictreachas
### Cóid breisithe a chur isteach

Gheobhaidh tú cód breisithe 20 digit gach uair a cheannaíonn tú breisiú, agus ní mór an cód sin a chur isteach sa mhéadar mar seo a leanas:

**Céim a hAon:** Brúigh an eochair # ar an méarchlár uair amháin. Taispeánfar an teachtaireacht "Key Code".

**Céim a Dó:** Clóscríobh gach digit den chód breisithe. Má chuirtear isteach digit mícheart, brúigh an eochair
* agus gabh siar.

**Céim a Trí:** A luaithe a bhíonn gach ceann de na 20 digit (nó 60 digit má tá athrú ar phraghas an leictreachais san áireamh) den chód breisithe curtha isteach agat, brúigh an eochair #. Taispeánfar an teachtaireacht "Sending".

**Taispeánfar ceann de na teachtaireachtaí seo a leanas tar éis cúpla soicind:**

**"Accepted"** Feicfear méid an bhreisithe, agus "Cuntas" ina dhiaidh mar aon le méid iomlán an chreidmheasa atá ar an méadar.

**"Rejected"** Fan go n-imíonn an teachtaireacht diúltaithe agus tosaigh arís ó Chéim a hAon.

**"Duplicate"** Tá an cód breisithe seo curtha isteach cheana agat agus ní féidir é a úsáid arís.

**"Incorrect"** Cuireadh an cód breisithe isteach ar an tslí mhícheart nó baineann sé le réadmhaoin eile.

**"Error"** Tá an cód breisithe ar iarraidh nó cuireadh isteach go rómhall é.

**"Kblock"** Cuireadh an cód breisithe isteach ar an tslí mhícheart cúig huaire.

Déan teagmháil lenár seirbhís do chustaiméirí ar **Saorghlao 1800 372 372 (Luan go hAoine, 8:00 rn go 6:00 in).**

**"Wrong Tar"** Tá athrú ar phraghas an leictreachais. Ní mór duit an cód speisialta breisithe 60 digit a chur isteach.

**"CreditHI"** Tá an iomarca creidmheasa ar an méadar. Fan seachtain amháin sula gcuireann tú an cód isteach arís.

Feidhmeanna na méadar Íoc mar a Úsáidtear agus na Rialaitheoirí Buiséid

Brúigh an eochair * sula gcuireann tú isteach an cód breisithe.

Brúigh an eochair # i ndiaidh an chóid bhreisithe a chur isteach – nó chun méid an chreidmheasa atá fágtha a fheiceáil.

1. An meánam creidmheasa atá fágtha ina laethanta. Is treoir é seo bunaithe ar ídiú na seachtaine seo caite.
2. Costas ídiú an lae inné, na seachtaine seo caite, na míosa seo caite (brúigh arís agus arís eile).
3. Rátaí aonaid agus líon na n-aonad a ídíodh. ** féach trasna
4. Sonraí na gcúig chód breisithe dheireanacha a úsáideadh.
5. Luach airgeadúil iomlán na mbreisithe a cuireadh isteach sa mhéadar.
6. An t-ídiú reatha in cileavatanna. (1 chileavat ar son 1 uair an chloig = 1 kWh = 1 aonad leictreachais).
7. Ráta buanmhuirir in aghaidh an lae – más cuí.
8. An t-ídiú is airde in aon leathuaire an chloig sna 24 uair dheireanach agus cén uair ar tharla sé.
9. Iomlán na n-aonad a ídíodh. (Úsáid an cnaipe seo má iarrtar ort léamh méadair a chur ar fáil).
10. Taispeánann sé triail, am agus dáta.

** Maidir le méadair Íoc mar a Úsáidtear atá suiteáilte in áitribh le Lá/Oíche

Eochair 3 – Rátaí aonaid DL (Teaghlaigh)CH (Téamh Lárnach) agus HW (Uisce Te).
Mar aon le ráta an bhuanmhuirir in aghaidh an lae.

## Gás

### Cóid breisithe a chur isteach

I ndiaidh creidmheas a cheannach, cuir an Cárta Gáis isteach sa mhéadar.

- Agus do Chárta Gáis á chur isteach agat, féach chuige go mbíonn an slis óir ar an gcárta casta i dtreo thaispeáint an mhéadair.
- Chun d'airgead a aistriú go dtí an méadar, brúigh an cnaipe dearg. Taispeánfar an focal 'Busy'.
- Ná bain an cárta go dtí nach mbíonn 'Busy' le feiceáil níos mó, nó d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh don chárta.
- Má dúnadh an comhla roimhe seo (mar shampla, mura bhfuil aon chreidmheas fágtha sa mhéadar) ansin beidh 'off' le feiceáil ar an méadar agus iarrfar ort a sheiceáil go bhfuil do chuid gléasanna casta as - is gné shábháilteachta í seo.
- Nuair atá tú cinnte go bhfuil na fearais múchta, brúigh agus coinnigh síos an cnaipe dearg go dtí go n-osclaíonn an comhla. Má tá méid le feiceáil ar an scáileán 'owed', úsáidfidh an méadar cuid den chreidmheas a cuireadh isteach. Feicfidh tú ar scáileán an mhéadair an méid airgid atá fágtha agat le haghaidh gáis.



D’fhaomh an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRF) an Cód seo. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Foireann Cúraim Custaiméirí Fuinnimh an CRF ag 1800 404 404 nó trí chuairt a thabhairt ar www.cru.ie/contact-us